



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Feabhra 2021  
(OR. en)

5657/21

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2021/0005 (NLE)

---

UD 26  
AELE 9  
CH 5

#### **GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

---

|        |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             |
|--------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste AE na hEilvéise arna bhunú leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus maidir le bearta slándála custaim a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Chaibidil III den Chomhaontú sin agus ar larscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gComhaontú sin |
|--------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

---

**CINNEADH (AE) 2021/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh**

**i gComhchoiste AE-na hEilvéise arna bhunú leis an gComhaontú**

**idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise**

**maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus maidir le bearta slándála custaim a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Chaibidil III den Chomhaontú sin agus ar Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gComhaontú sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus maidir le bearta slándála custaim<sup>1</sup> ('an Comhaontú') i bhfeidhm an 1 Eanáir 2011.
- (2) De bhun Airteagal 21(2) den Chomhaontú, féadfaidh an Comhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú ('an Comhchoiste') Caibidil III den Chomhaontú, agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú, a leasú, trí chinntí uaidh le linn an chéad seisiúin eile dá chuid nó trí mhalartú litreacha.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 22(4) den Chomhaontú, más rud é nach féidir cinneadh a ghlacadh chun na leasuithe ar an gComhaontú agus na leasuithe ar reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme go comhuaineach, tá na leasuithe dá bhforáiltear sa dréachtchinneadh arna chur isteach lena fhormheas ag na Páirtithe Conarthacha le cur chun feidhme go sealadach, i gcás inar féidir, ón 15 Márta 2021 amach, i gcomhréir le nósanna imeachta inmheánacha na bPáirtithe Conarthacha. Beidh an rogha dáta sin i gcomhthráth leis an gcéad eisiúint de Chóras Rialaithe Allmhairí 2, rud ar chomhaontaigh an Eilvéis páirt a ghlacadh ann.

---

<sup>1</sup> IO L 199, 31.7.2009, lch. 24.

- (4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a mhéid a bhaineann le leasú ar Chaibidil III den Chomhaontú, agus ar Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gComhaontú, a bhunú, toisc go mbeidh an leasú ina cheangal ar an Aontas.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus maidir le bearta slándála custaim a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Chaibidil III den Chomhaontú sin agus ar Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gComhaontú sin, bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste<sup>1</sup>.

### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

---

---

<sup>1</sup> Féach doiciméad 5628/21 ar <http://register.consilium.europa.eu>.